



Beartas um Tharraingt Siar

An ceart chun tarraingt siar

Tá an ceart agat an Conradh seo a tharraingt siar laistigh de cheithre lá dhéag gan aon chúis a thabhairt.

Is éard atá sa tréimhse um tharraingt siar, ceithre lá dhéag ón dáta ar ghlac tú féin, nó tríú páirtí a d'ainmnigh tú agus nach é an t-iompróir é, seilbh ar na hearraí.

Chun do cheart um tharraingt siar a fheidhmiú, ní mór duit sinn (eShopWorld f/c Ríomhthráchtáil Dhíreach SAM Teoranta, 3ú Urlár, Foirgneamh Concourse, 100-115 Páirc Gnó Thaobh an Aerfoirt, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 NY94 Éire, ríomhphost info@eshopworld.com) a chur ar eolas faoi do chinneadh tarraingt siar ón gconradh seo. Chun na críche sin, féadfaidh tú an tsamhail d'fhoirm um tharraingt siar atá ag gabháil leis seo a úsáid, ach ní éigeantach í. Féadfaidh tú an tsamhail d'fhoirm um tharraingt siar a chomhlánú agus a chur ar ais go leictreonach freisin, nó ráiteas soiléir eile ar ár láithreán gréasáin (beidh nasc chuig an bhFoirm Chealaithe agus Aiscurtha Marsantachta sa ríomhphost a dheimhníonn d'ordú agus/nó sa ríomhphost a dheimhníonn gur seoladh d'earraí]. I gcás go n-úsáideann tú an rogha seo, seolfaimid deimhniú go bhfuarthas cúlghairm den sórt sin gan mhoill (e.g. ar ríomhphost).

D'fhonn an tréimhse um tharraingt siar a chomhlíonadh, is leor duit an fógra faoin gceart um tharraingt siar a fheidhmiú a sheoladh sula dtéann an tréimhse um tharraingt siar in éag.

Iarmhairtí a bhaineann le tarraingt siar

I gcás gur tharraing tú siar ón gConradh seo, aisíocfaimid leat gach íocaíocht a fuairamar uait, lena n-áirítear costais seachadta (ach amháin costais bhreise sa chás gur roghnaigh tú modh seachadta seachas an gnáth-sheachadadh is fabhraí a chuirimid ar fáil), gan mhoill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá a fuairamar fógra go raibh an Conradh seo á chúlghairm agat. Maidir leis an aisíocaíocht sin, úsáidfimid an modh íocaíochta céanna a d'úsáid tú san idirbheart bunaidh, ach amháin i gcás ina gcomhaontaítear a mhalairt go sainráite leat; ní ghearrfar táillí ar bith ort mar gheall ar an aisíocaíocht sin, i gcás ar bith.

Féadfaimid diúltú aisíocaíocht a dhéanamh leat go dtí go mbeidh na hearraí faighte ar ais againn nó go dtí go mbeidh cruthúnas go bhfuil na hearraí curtha ar ais agat curtha ar fáil dúinn, pé acu is luaithe.

Ní mór duit na hearraí a aiscur nó a thabhairt ar láimh láithreach agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá a dtugann tú fógra dúinn go bhfuil an Conradh seo á chúlghairm agat. Comhlíontar an spriocdháta i gcás go seolann tú na hearraí sula dtéann an tréimhse ceithre lá dhéag in éag.

Tú féin a iompróidh costais dhíreacha na hearraí a aiscur, ach amháin i gcás go bhfuair tú lipéad ainmnithe nó réamhíochta de chuid eShopWorld.

Ní gá duit íoc as aon chaillteanas i luach na n-earraí ach amháin i gcás gur tharla an caillteanas i luach mar thoradh ar láimhseáil na n-earraí nach gá a dhéanamh chun cáilíocht, saintréithe agus feidhmiúlacht na n-earraí a thástáil.

Samhail d'Fhoirm um Tharraingt Siar

Más mian leat an Conradh a tharraingt siar, comhlánaigh an fhoirm seo agus cuir ar ais í, le thoil.

-Chuir eShopWorld f/c Ríomhthráchtáil Dhíreach SAM Teoranta, 3ú Urlár, Foirgneamh Concourse, 100-115 Páirc Gnó Thaobh an Aerfoirt, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 NY94 Éire, ríomhphost info@eshopworld.com.

-Tugaim/Tugaimid (*) fógra leis seo go gcealaím/gcealaímid (*) mo chonradh/ár gconradh (*) díolacháin maidir leis na hearraí a leanas (*).

- Ordaithe an (*)/faighte an (*).

- Ainm an tomhaltóra/na dtomhaltóirí.

-Seoladh an tomhaltóra/na dtomhaltóirí.

- Síniú an tomhaltóra/na dtomhaltóirí (sa chás go gcuirtear an fhoirm seo isteach ar pháipéar agus sa chás sin amháin):

- Dáta
(*)

Scrios mar